



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntais Chríochnaitheacha na Ranna i gCuideachta Theoranta

Tá dhá roinn sa chuideachta Ó Luain Tta – Faisean agus Éadaí Spóirt. Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2010:

| | € | € |
|--|-------------------|-------------------|
| Scairchaipiteal: | | |
| Údaraithe – 700,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | |
| Eisithe – 590,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 590,000 |
| Foirgnimh (Costas 750,000) | 640,000 | |
| Troscán agus Feistis (Costas 200,000) | 160,000 | |
| Bintiúir 6% (eisithe ar an 01/04/2010) | | 140,000 |
| Féichiúnaithe | 88,000 | |
| Creidiúnaithe | | 63,000 |
| Roinn an Fhaisin | | |
| Stoc 01/01/2010 | 53,000 | |
| Ceannacháin | 290,000 | |
| Díolacháin | | 600,000 |
| Aischur Isteach (Aischur Díolachán) | 3,400 | |
| Roinn na nÉadaí Spóirt | | |
| Stoc 01/01/2010 | 46,000 | |
| Ceannacháin | 158,000 | |
| Díolacháin | | 300,000 |
| Carraireacht Isteach | 5,000 | |
| Árachas | 32,000 | |
| Tuarastail agus Speansais Ghinearálta | 120,000 | |
| Solas agus Teas | 70,000 | |
| Fógraíocht | 38,000 | |
| CBL | | 10,900 |
| ÍMAT agus ÁSPC | | 13,600 |
| Banc | | 9,800 |
| Táillí Stiúrthóirí | 30,000 | |
| Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 01/01/2010 | | 6,100 |
| | <u>€1,733,400</u> | <u>€1,733,400</u> |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2010: Faisean: €63,000
Éadaí Spóirt: €39,000
- (ii) Tá Soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar a leanas:
Foirgnimh 2% den chostas
Troscán agus Feistis 12.5% de luach na leabhar
- (iii) Tá spás urláir na cuideachta roinnte mar seo: Faisean 75% Éadaí Spóirt 25%
- (iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'Ús dlite ar Bhintiúir ar 31/12/2010.
- (v) San áireamh faoi Fógraíocht tá seic €8000 d'Fheachtas Fógraíochta don bhliain go 31/03/2011.
- (vi) Na speansais a bhaineann leis an dá roinn, ba chóir iad a roinnt ar bhonn **Díolachán nó Spás Urláir** nuair is cuí sin.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais na Ranna don bhliain dar críoch 31/12/2010. (80)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2010. (40)

(120 marc)

2. Cuntais Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair Mháire Ní Aodha le linn mhí Aibreáin 2011:

| | € |
|--|----------|
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 01/04/2011 Dr | 56,300 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 01/04/2011 Sr | 1,800 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 01/04/2011 Sr | 38,500 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 01/04/2011 Dr | 700 |
| Lascaine ceadaithe | 3,400 |
| Lascaine faighte | 5,800 |
| Ceannacháin (ceannacháin ar Airgead Síos san áireamh €12,100) | 184,600 |
| Díolacháin (Díolacháin ar Airgead Síos san áireamh €26,500) | 309,500 |
| Aischur Isteach (Aischur Díolachán) | 7,900 |
| Aischur Amach (Aischur Ceannachán) | 2,400 |
| Ús gearrtha ag Máire Ní Aodha ar chuntais dlite thar téarma | 1,700 |
| Lascaine dícheadaithe do Mháire Ní Aodha | 600 |
| Seiceanna íoctha le soláthraithe | 104,600 |
| Seiceanna faighte ó chustaiméirí | 228,100 |
| Drochfhiacha díscríofa | 3,600 |
| Seiceanna faighte obtha | 1,500 |
| Aistriú ó Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe go Mórleabhar na gCreidiúnaithe | 2,900 |
| Billí Infhaighte eisithe | 19,500 |
| Billí le híoc glactha | 7,400 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ar 30/04/2011 | 1,300 Sr |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 30/04/2011 | 400 Dr |

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do mhí Aibreán 2011:

(a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe. (30)

(b) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe. (30)

(60 marc)

3. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Uí Riain Tta:

| | |
|------------|---|
| 01/01/2009 | Bhí €680,000 ar fhoirgnimh ar a gcostas. |
| 01/01/2009 | Ba é an t-iarmhéid sa chuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa ná €92,000. |
| 01/06/2009 | Ceannaíodh foirgneamh ar €230,000. |
| 01/07/2009 | Díoladh ar €250,000 foirgneamh a chosain €240,000. Ba é leabharluach an fhoirgnimh ar 01/07/2009 ná €170,000. |
| 31/12/2009 | Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2009 ná €47,000. |
| 01/01/2010 | Athluacháladh na foirgnimh ar €900,000. |
| 31/12/2010 | Soláthar in aghaidh dímheasa de réir ráta 3% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2010. |

Iarrtar ort iad seo a thaispeáint:

- (a) **Cuntas na bhFoirgneamh** don dá bhliain **2009** agus **2010**. (15)
- (b) **An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa** don dá bhliain **2009** agus **2010**. (20)
- (c) **An Cuntas Diúscartha Foirgneamh** don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (15)
- (d) **An Cuntas Cúlchiste Athluachála**. (10)

(60 marc)

4. Cuntais Feirme

Ba iad seo a leanas sócmhainní agus dliteanais Mhuintir Mhic Artúir, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2010:

Talamh €600,000; Foirgnimh Feirme €280,000; Innealra ar a chostas €75,000; Luach caorach €24,000; Luach eallaigh/bó €68,000; Leictreachas dlite €300; Airgead sa Bhanc €9,800.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

(a) **Caipiteal** Mhuintir Mhic Artúir ar 01/01/2010 a ríomh. (20)

Is achoimre é seo a leanas ar fháltais agus ar íocaíochtaí na feirme don bhliain dar chríoch 31/12/2010.

| Fáltais | € | Íocaíochtaí | € |
|-------------------------|--------|-------------------|--------|
| Bainne | 32,000 | Leasachán | 8,900 |
| Díolachán Olla | 1,300 | Ceannach Caorach | 6,200 |
| Díolachán Uan | 10,900 | Ceannach Eallaigh | 9,700 |
| Díolachán Eallaigh | 83,000 | Leictreachas | 4,200 |
| Íocaíocht Aonair Feirme | 16,400 | Deisiúcháin | 1,800 |
| | | Pá | 26,200 |

Tá an t-eolas seo a leanas le cur san áireamh ar 31/12/2010:

- (i) Stoc Deiridh 31/12/2010.
 - Luach Eallaigh/Bó €29,000
 - Luach Caorach €25,000
- (ii) Tá an Íocaíocht Aonair Feirme le roinnt (cionroinnt) idir an dá ghnóthas sa chóimheas:
 - Eallach/Ba 75%
 - Caoirigh 25%
- (iii) Leictreachas dlite ar 31/12/2010, €400.
- (iv) Tá Leasachán, Leictreachas, Deisiúcháin agus Pá le roinnt (cionroinnt) **go cothrom** idir an dá ghnóthas.
- (v) Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,750
Uaineoil a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €500

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

(b) (i) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú do 'Eallach/Bainne' don bhliain dar chríoch 31/12/2010.

(ii) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú do 'Caoirigh' don bhliain dar chríoch 31/12/2010. (34)

(c) Mínigh **dhá** chúis a gcoimeádann feirmeoirí cuntais iomlána. (6)

(60 marc)

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Mhumhain Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2010:

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2010

| | € | € |
|---|---------------|-----------------|
| Díolacháin ar creidmheas | | 920,000 |
| Lúide: Costas Díolachán | | |
| Stoc 01/01/2010 | 73,000 | |
| Móide: Ceannacháin | <u>?</u> | |
| | ? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2010 | <u>64,000</u> | <u>547,000</u> |
| Ollbhrabús | | 373,000 |
| Lúide: Speansais Iomlána (ús san áireamh) | | <u>159,000</u> |
| Glanbhrabús don bhliain | | <u><u>?</u></u> |

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2010

| | € | € |
|--|---------------|-------------------------|
| Sócmhainní Seasta | | 896,000 |
| Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe €58,000 san áireamh) | 210,000 | |
| Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | |
| Creidiúnaithe Trádála | <u>83,000</u> | <u>127,000</u> |
| | | <u><u>1,023,000</u></u> |
| Maoinithe ag: | | |
| Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | |
| Bintiúir 6% (2017/2018) | | 140,000 |
| Caipiteal agus Cúlchiste | | |
| Gnáthscaireanna | | 669,000 |
| Cuntas Brabúis agus Cailteanais | | <u>214,000</u> |
| | | <u><u>1,023,000</u></u> |

(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:

- (i) An Glanbhrabús don bhliain 2010
- (ii) An figiúr do Cheannacháin
- (iii) An tréimhse chairde a tugadh d'Fhéichiúnaithe
- (iv) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2010. (40)

(b) Mínigh gach ceann acu seo a leanas:

- (i) Bintiúir 6% (2017/2018)
- (ii) Sócmhainn Dholáimhsithe
- (iii) Gnáthdhíbhinn
- (iv) Caipiteal in Úsáid. (40)

- (c) (i) Ríomh an cóimheas Fíorthástála don bhliain 2010.
- (ii) Cad a insíonn an cóimheas seo dúinn? (10)

- (d) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid don bhliain **2009** ná 15%.
Tabhair tuairisc ar bhrabúsacht an ghnólachta i **2010**. (10)

(100 marc)

6. Cuntais Chlub

San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais Chlub Peile na gCloigthishe ar **01/01/2010** bhí siad seo a leanas:

Clubtheach/Páirceanna Iomarca €375,000; Trealamh €19,000; Stoc Beáir €6,300; Infheistíochtaí €30,000; Creidiúnaithe beáir €900; Síntiúis dlite ó bhail €800; Airgead ar láimh €25,400.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann **Ciste Carntha** an chlub ar 01/01/2010. (20)

Is achoimre é seo a leanas ar Fháiltais agus ar Íocaíochtaí an chlub don bhliain 2010

Cuntas Fáiltais agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2010

| Fáiltais | € | Íocaíochtaí | € |
|-----------------------------|-----------------|----------------------------|-----------------|
| Airgead ar láimh 01/01/2010 | 25,400 | Duaiseanna Crannchuir | 13,000 |
| Díolacháin Bheáir | 38,500 | Ceannacháin Bheáir | 24,200 |
| Fáiltais ó Chrannchur | 43,700 | Ceannach Trealamh | 2,500 |
| Urraíocht bhliantúil | 22,000 | Speansais Ghinearálta | 14,300 |
| Síntiúis | 19,000 | | |
| Ús ar Infheistíochtaí | 1,500 | Iarmhéid Airgid 31/12/2010 | 96,100 |
| | <u>€150,100</u> | | <u>€150,100</u> |

Thug an Cisteoir an t-eolas seo a leanas freisin mar a bhí ar **31/12/2010**:

- (i) Stoc Beáir €4,800.
- (ii) Creidiúnaithe Beáir €1,300.
- (iii) Síntiúis réamhíochta €250.
- (iv) Speansais dlite €900.
- (v) Tá dímheas de 20% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2010.
- (vi) Déan an Clubtheach agus na Páirceanna Iomarca a dhímheas de 2% den chostas.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (b) **Cuntas Trádála Beáir** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2010. (8)
- (c) **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2010. (34)
- (d) **Clár Comhardaithe** a ullmhú don chlub ar 31/12/2010. (30)
- (e) Míniú an difríocht idir an t-iarmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an t-iarmhéid deiridh sa Chuntas Fáiltais agus Íocaíochtaí. (8)

(100 marc)

7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Chonghaile Tta:

Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2010

| | |
|---|----------------------|
| | € |
| Brabús oibriúcháin | 104,000 |
| Ús íoctha | <u>(9,000)</u> |
| | 95,000 |
| Cáin | <u>(38,000)</u> |
| | 57,000 |
| Díbhinn íoctha | <u>(40,000)</u> |
| Brabús coinnithe don bhliain | 17,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2010 | <u>76,000</u> |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2010 | <u><u>93,000</u></u> |

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar

| | 31/12/2010 | | 31/12/2009 | |
|--|-----------------|-----------------------|-----------------|-----------------------|
| | € | € | € | € |
| Sócmhainní Seasta | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 740,000 | | 670,000 | |
| Lúide: soláthar in aghaidh dímhéasa | <u>(72,000)</u> | 668,000 | <u>(64,000)</u> | 606,000 |
| Sócmhainní Reatha | | | | |
| Stoc | 58,000 | | 52,000 | |
| Féichiúnaithe | 33,000 | | 35,000 | |
| Airgead | <u>61,000</u> | | <u>62,000</u> | |
| | <u>152,000</u> | | <u>149,000</u> | |
| Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 9,000 | | 16,000 | |
| Cáin | <u>38,000</u> | | <u>23,000</u> | |
| | <u>(47,000)</u> | | <u>(39,000)</u> | |
| Glansócmhainní Reatha | | <u>105,000</u> | | <u>110,000</u> |
| Glansócmhainní Iomlána | | <u><u>773,000</u></u> | | <u><u>716,000</u></u> |
| Maoinithe ag | | | | |
| Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 9% | | 80,000 | | 100,000 |
| Caipiteal agus Cúlchistí | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 600,000 | | 540,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | <u>93,000</u> | | <u>76,000</u> |
| | | <u><u>773,000</u></u> | | <u><u>716,000</u></u> |

Iarrtar ort:

- (a) An Brabús Oibriúcháin a **réiteach** leis an nGlan-insreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (30)
- (b) An **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** a ullmhú do Ó Conghaile Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2010 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Gníomhaíochtaí oibriúcháin
 - Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas
 - Cáin
 - Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
 - Díbhinní cothromais íoctha
 - Maoiniú (65)
- (c) An Glansreabhadh Airgid a **réiteach** leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (5)

(100 marc)

ROINN 3 (80 Marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costáil Ionsú

Tá na figiúirí buiséadaithe seo a leanas ag Blackwell Tta, cuideachta bheag ghiurnálaíochta, don bhliain seo chugainn:

| | |
|--|-------------|
| Ábhair Dhíreacha | €309,000 |
| Saothar Díreach | €127,500 |
| Forchostais Mhonarchan | €108,000 |
| Uaireanta Buiséadaithe de Shaothar Díreach | 15,000 uair |
| Uaireanta Meaisín Buiséadaithe | 9,000 uair |

(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:

- (i) An ráta ionsúite forchostais san **Uair de Shaothar Díreach**.
- (ii) An ráta ionsúite forchostais san **Uair Mheaisín**.

Is iad seo a leanas sonraí **Jab Uimhir 482** le haghaidh custaiméara:

| | |
|-------------------------------|----------|
| Ábhair Dhíreacha | €19,000 |
| Uaireanta de Shaothar Díreach | 240 uair |
| Uaireanta Meaisín | 175 uair |

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:

- (b) Costas Jab Uimhir 482 agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais san **Uair de Shaothar Díreach**.
- (c) Costas Jab Uimhir 482 agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais san **Uair Mheaisín**.
- (d) **Praghas díola** Jab Uimhir 482 don chustaiméir agus úsáid á baint as ráta ionsúite forchostais an t**Saothair** (mar a ríomhadh in (a) (i) thuas agus ag glacadh le marcáil suas de 25% ar an gcostas.)
- (e) **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis** ar gá do ghnólacht costphraghas táirge a ríomh.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Ba iad seo a leanas na Sócmhainní, na Dliteanais agus an Caipiteal a bhí ag L. Ó Tarpaigh ar 1 Eanáir 2011:

| Sócmhainní | € |
|-------------------|----------------|
| Sócmhainní seasta | 220,000 |
| Stoc | 46,000 |
| Airgead | 29,500 |
| Féichiúnaithe | <u>27,300</u> |
| | <u>322,800</u> |
| Dliteanais | |
| Creidiúnaithe | 22,800 |
| Caipiteal | <u>300,000</u> |
| | <u>322,800</u> |

Is iad seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo sna 5 mhí atá le teacht:

| | Ean. | Feabh. | Már. | Aib. | Beal. | Iomlán |
|--------------------|---------|---------|---------|---------|---------|----------|
| Díolacháin | €83,700 | €94,300 | €67,300 | €71,000 | €92,200 | €408,500 |
| Ceannacháin | €44,200 | €62,100 | €59,800 | €45,400 | €77,900 | €289,400 |

- Tá na díolacháin ar fad ar cairde agus íoctar astu mí amháin tar éis iad a dhíol.
- Tá na ceannacháin ar fad ar cairde agus íoctar astu mí amháin ina dhiaidh sin **ach amháin** €26,000 i mí an Mhárta.
- Tá an t-áitreabh ar cíos ag Ó Tarpaigh ar €24,000 **sa bhliain** agus íoctar an cíos gach mí.
- Ceannófar trealamh i mí Feabhra ar €17,000 airgead síos.
- Is é an pá in aghaidh na míosa €19,400.
- Meastar gur €56,400 a bheidh sa stoc deiridh ar 31/05/2011.
- Meastar gur €22,500 a bheidh i nglanbhrabús na 5 mhí.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- Buiséad Airgid** a léireoidh na Fáltais agus na hÍocaíochtaí a bhfuil Ó Tarpaigh ag súil leo sna cúig mhí Eanáir go Bealtaine 2011.
- Clár Comhardaithe Buiséadaithe** mar a bheadh ar 31/05/2011.
- Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste** a bhainfidh Ó Tarpaigh as buiséad airgid a ullmhú.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán